

**Comhairle Contae Fhine Gall**  
Fingal County Council



# Comhairle Contae Fhine Gall

## Plean Corparáideach

# 2015 – 2019

Arna athbheithniú in 2016



## Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach 2016

I ndiaidh próiseas reachtúil i Márta na bliana 2015, ghlac Comhairle Contae Fhine Gall lena Plean Corparáideach. Ag an am, bhíothas i mbun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a fhorbairt ach ní raibh sé tugtha chun críche. De réir Treoir arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, iarradh ar Údaráis Áitiúla tiomantas a thabhairt athbhreithniú a dhéanamh ar a bPleananna Corparáideacha nuair a bheadh glactha lena bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP). Bhí an tiomantas sin tugtha i bPlean Corparáideach Fhine Gall.

Cuireadh LECP Fhine Gall i láthair na Comhairle agus glacadh leis i mí na Nollag, 2015. Ar ghlacadh leis agus de réir an tiomantais a tugadh sa Phlean Corparáideach, chuir Baill an Ghrúpa um Beartais Corparáideacha agus Baill na Comhairle tús le hathbhreithniú ar an bPlean Corparáideach i Márta, 2016.

Ba chuid den phróiseas Athbhreithnithe go ndeachthas i gcomhairle go himmheánach le Baill na Comhairle, le Coistí um Beartais Straitéiseacha agus le Baill Foirne. Lena chois sin, bhí comhairliúchán seachtrach ann, rud a rinneadh trí thairseach comhairliúcháin phoiblí na Comhairle agus an PPN.

D'fhonn an t-athrú atá tagtha ar thimpeallacht sheachtrach agus inmheánach na heagraíochta a léiriú, tá méid áirithe athbhreithnithe agus nuashonraithe san athbhreithniú maidir le roinnt gnéithe den Phlean, ach díródh go príomha ar Chroíluchanna agus ar Chuspóirí Straitéiseacha na Comhairle agus sinn ag tabhairt aghaidh ar na trí bliana atá fágtha i dtéarma na Comhairle seo.



Paul Reid

Paul Reid  
Príomhfheidhmeannach



Darragh Butler

Darragh Butler  
Méara Chontae Fhine Gall (2016 / 17)

## An Réamhrá Bunaidh

Ó thráth níos túisce i mbliana, le cúnamh na Comhairle nuathofa, táimid ag tabhairt faoi na hathruithe is forleithne sa rialtas áitiúil ó bunaíodh na struchtúir rialtais áitiúil sa bhliain 1898 a chur i bhfeidhm. Tá gach uile ghné den rialtas áitiúil i gceist leis na hathruithe seo - struchtúir, feidhmeanna, rialachas, éifeacht oibríochta agus maoiniú. Coinneoidimid orainn ag cur pháirtithe leasmhara ar an eolas faoi dhul chun cinn ar bhonn leanúnach.

Is é is aidhm leis na leasuithe atá idir lámha ná údaráis áitiúla a athrú ó bhonn le go mbeidh siad ar an 'bpríomhfhoinsé rialachais agus seirbhísí poiblí go háitiúil - iad ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus pobail, ag soláthar seirbhísí éifeachtúla agus luach ar airgead, ag seasamh thar ceann saoránach agus pobal, chomh maith agus chomh freagrach agus is féidir.<sup>1</sup> Aithnítear go bhfuil earnáil an rialtais áitiúil chun cinn ar fhormhór na n-earnálacha eile maidir leis na hathruithe atá déanta ann chun costais a laghdú agus éifeachtúlacht a thiomáint. Is é is aidhm leis na hathruithe atá faoi bhealach ná cur leis an méid sin agus le muinín an phobail as an gcóras rialtais áitiúil trí chéile, áit a mbeadh ról níos forleithne á ghlacadh aige amach anseo. Cuid lárnach den fhís straitéiseach seo ná cur le cumas an rialtais áitiúil forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear leas na bpobal, áit a dtacófaí le hiarrachtaí ar phoist a chruthú agus le téarnamh an gheilleagair.

Is creat straitéiseach chun gnímh an Plean Corparáideach seo a mhairfidh le linn théarma na Comhairle agus ina leagtar amach fís Fhine Gall.

Déantar cur síos sa Ráiteas Misin ar Chomhairle dhinimiciúil atá lántiomanta do sheirbhísí a chur ar fáil do phobail ar an mbealach is fearr agus is éifeachtúla agus is féidir. 'Bheith ar an áit a roghnaíonn daoine le maireachtáil, le hoibriú, le teacht ar cuairt agus le gnó a dhéanamh ann in Éirinn.' Léirítear é seo trí réimse leathan sócmhainní straitéiseacha a thacaíonn le pobail bhríomhara, gnónna rathúla agus turasóireacht. Mairfidh an plean ó 2015 go 2019. Is geall le haistear é agus tá súil againn nuair a bheidh ceann scríbe bainte amach againn i gceann cúig bliana gur fearrde na daoine a bhfreastalaímid orthu dá bharr.



*Paul Reid*

Paul Reid  
Príomhfheidhmeannach  
(2014 / 15)



*Mags Murray*

Mags Murray  
Méara Chomhairle Chontae Fhine Gall

<sup>1</sup>Tús Áite do na Daoine, Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Deireadh Fómhair 2012

# Léarscáil d'Fhine Gall



## **Cur síos ar Fhine Gall/Timpeallacht Oibríochta**

Áit thar a bheith mealltach Fine Gall le maireachtáil, oibriú, teacht ar cuairt agus gnó a dhéanamh ann. 450 ciliméadar (173 míle chearnaithe) atá sé ar fhad agus ar leithead, ag síneadh ó Bhaile Brigín siar anuas go Baile Bhlainséir agus soir ó dheas go Binn Éadair. An comhartha sóirt is mó a bhaineann leis an limistéar ná a éagsúlaithe atá an tírdhreach ann, a chumhdaíonn Binn Éadair agus Baile Ghleann na Life, atá á gcosaint ag ainmniúcháin de chuid an SAAO agus Natura 2000. Tá idir réigiúin thuaithe, réigiúin uirbeacha agus bhruachbhailte le fáil in aon chontae amháin. Síneann an cósta 88 cilliméadar ó Chill Bharróg go Baile Brigín, mar a bhfuil trí inbhear chosanta agus riasc goirt, agus trí thrá dhéag mhóra.

Tá oidhreacht shaibhir ag roinnt le Fine Gall agus i measc na n-áiteanna a mheallann cuairteoirí, tá Caisleán Ard Giolláin, Teach an Droichid Nua, Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde, agus Muileann na Sceirí. Is deas mar a chuirfidh Ceathrú Cultúir Shoird le hoidhreacht an cheantair agus leis an traidisiún saibhir ealaíon agus cultúir atá ann. Thacaigh Comhairle Contae Fhine Gall leis an méid sin nuair a bhunaigh siad an tIonad Ealaíon 'Draíocht' i mBaile Bhlainséir agus Ionad Cultúir Shéamus Ennis san Aill. Cuid fhíorthábhachtach d'fhorbairt Fhine Gall is ea rannpháirtíocht an phobail i gcumainn do lucht cónaithe áitiúil, i ngrúpaí bailte slachtmhara agus i ngrúpaí pobail.

Is iomaí buntáiste eacnamaíochta atá ar leac an dorais againn sa chontae seo. Cuirfidh Tollán Chalafoirt Bhaile Átha Cliath, an bonneagar bóithre agus iarnróid, a chongaraí atáimid do Bhaile Átha Cliath agus Conair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, leis an bhfás a thiocfaidh ar an gContae amach anseo. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ar cheann de na buntáistí straitéiseacha is fearr againn agus is foinse shuntasach eacnamaíochta é i bhFine Gall.

Tá Institiúid Teicneolaíochta dá chuid féin i mBaile Bhlainséir (ITB) agus an-nasc déanta aige le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Beidh ITB ina cuid d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DTU) fad a mhairfidh an Plean Corparáideach.

Tá beann ar an saoránach sa rialtas áitiúil agus cuireann Comhairle Contae Fhine Gall réimse leathan seirbhísí agus áiseanna ar fáil don phobal, ina measc, bonneagar bóithre, páirceanna, spásanna oscailte, ionaid phobail, leabharlanna agus tithe.

### **Daonra**

Cheiliúir Comhairle Contae Fhine Gall 20 bliain ar an bhfód in 2014. Le linn an ama sin, tá daonra an Chontae tar éis fás ó 167,683 (Daonáireamh 1996) go 296,294 (Daonáireamh 2016). Léiríonn sonraí gurb é Fine Gall an Contae is mó fás in Éirinn, agus tá ceithre cinn de na deich gceantar is mó fás sa tír lonnaithe sa Chontae. Fágann seo go mbeidh tuilleadh brú ar sheirbhísí ach is deis agus acmhainn eacnamaíochta atá ann freisin.

### **Teaghlaigh**

Tháinig sé chun solais ón suirbhé tithe a rinneadh i mí Iúil 2014 i bhFine Gall, suirbhé a dhéantar gach bliain, go bhfuil 102,647 aonad cónaithe sa Chontae. Is féidir é seo a bhriseadh síos mar seo a leanas: 96,049 aonad cónaithe i gceantair uirbeacha, agus 6,598 i gceantair thuaithe, sráidbhailte san áireamh.

I lár na bliana 2014, bhí breis agus 1,000 aonad á dtógáil. Lena chois sin, bhí breis agus 12,000 aonad a raibh cead pleanála tugtha lena n-aghaidh fud fad an chontae ach nach raibh tosaithe ar a dtógáil. Tá dóthain talún criosaithe anseo chun tuairim is 31,000 aonad breise a thógáil.

Leagtar amach na spriocanna tithíochta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí. Tugtar le tuiscint sna spriocanna atá ann faoi láthair go mbeidh 142,144 aonad i bhFine Gall faoin mbliain 2022.

### Gnónna

Tá líon na ngnónna gníomhacha atá i bhFine Gall de réir bhonnráta na Comhairle. Taispeántar i dTábla 1 go bhfuil líon na ngnónna inrátaithe ag méadú ón mbliain 2014.

Tábla 1

	2014	2016
Gnónna Inrátaithe	5876	6,004

### Próifil Eacnamaíochta

Tá cáil ar an gContae as an earnáil gairneoireachta agus talmhaíochta trádála atá ann. Tá cuid de na táirgeoirí is fearr sa tír againn, a easpórtálann táirgí chomh fada leis an Áise agus tíortha eile ar fud an domhain. Is tosaíocht straitéiseach de chuid na Comhairle seo tacú le gnónna d'fhonn an earnáil seo a fhorbairt. Leanfaimid orainn ag soláthar timpeallachta a mheallfaidh a lán infheistíochta díri coigríche agus a ghríosfaidh cuideachtaí dár gcuid féin fás. Beidh sé seo ina thosaíocht as seo go ceann 5 bliana. Fostaítear an-chuid daoine i ngach earnáil sa Chontae agus go leor talamh criosaithe ann, idir thalamh tionsclaíochta agus talamh cónaithe. Tá dúshraith láidir tionsclaíochta bunaithe againn, mar a bhfuil earnálacha éagsúla gnó cruinnithe sa réigiún. Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag cur Fine Gall chun cinn mar áit gnó.

### Talamh criosaithe

Tá 21 cineál talún criosaithe i bPlean Forbartha Fhine Gall 2011-2017. Criosú ainmnithe atá sa chontae ar fad. Tá sé chomh maith a rá go bhfuil ceithre cinn de mhórchriostú ann, agus gach ceann acu briste síos ina bhfochatagóirí. Is féidir na ceithre chineál talún criosaithe a chatagóiriú mar talamh Eacnamaíochta, Cónaithe, Úsáid Mheasctha/Eile, agus Tuaithe agus Fóillíochta. Tá an Plean Forbartha á athbhreithniú agus Athbhreithniú á dhéanamh ar an bPlean Corparáideach.

## Timpeallacht Oibríochta

### Timpeallacht Sheachtrach

Cabhraíonn anailís ar na tosca seachtracha le treoir a thabhairt maidir le bunchuspóirí a fhorbairt -

**Cúrsaí Polaitíochta** – Leagadh amach cuid de thosaíochtaí straitéiseacha na comhairle i Reachtaíocht agus i gClár an Rialtais. Tá go leor tionscnamh leagtha amach san Acht um Leasú an Rialtais Áitiúil 2014 agus go mór mór sa chlár gnímh dar teideal 'Tús Áite do na Daoine, Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach' chun feidhmiú an Rialtais Áitiúil a neartú. Leagtar amach sna cáipéisí sin an gá atá le comhoibriú a neartú idir an Feidhmeannas agus na Baill Thofa maidir le forbairt eacnamaíochta, pobail agus áitiúil.

Seoladh Plean Gnímh Fostaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath i dtús na bliana 2016 agus tá sé anois á chur i bhfeidhm. Oibreoidh Comhairle Contae Fhine Gall leis na geallsealbhóirí éagsúla atá bainteach leis an tionscnamh d'fhonn a oiread agus is féidir a bhaint as a thionchar eacnamaíochta agus sóisialta ar an gceantar, agus tionchar tionscnamh eile ar an gceantar.

Tá deis straitéiseach ann freisin tairbhe a bhaint as an mbéim atá arís ar thurasóireacht i mBaile Átha Cliath trí chéile agus rachaidh sé sin chun tairbhe mhuintir na háite seo. Fágann sin go bhfuil an-mhianach fás i bhFine Gall, go mór mór i bhfianaise mar a chuireann an Contae le feachtas Fáilte Ireland, *Breadth of Fresh Air*.

Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de, baineann an phríomhbhagairt pholaitíochta le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Coinneofar súil ar fhorbairtí sa cheantar seo agus oibreoidh an Chomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta chun rioscaí a mhaolú agus teacht i dtír ar dheiseanna a thiocfaidh chun barra.

**Cúrsaí Eacnamaíochta** – Bíonn tionchar ag treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fhorbairt fiontraíochta i bhFine Gall agus ar ár gcumas infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh chun an Chontae. Tá Éire anois chun cinn ar a cuid spriocanna fioscacha agus níl aon amhras ach go bhfuil geilleagar na tíre ag teacht chuige féin. Tá an líon is lú daoine dífhostaithe ón mbliain 2008 - 8.3% - agus ceaptar go dtitfidh sé tuilleadh. Tá fás ag teacht ar an ngeilleagar i gcaitheamh an ama agus anois tá breis agus 2 mhilliún duine ag obair sa tír.

Léirítear i nDaonáireamh 2006 agus 2011 go bhfuil rátaí dífhostaíochta Fhine Gall ag teacht le rátaí na tíre ach taispeánann na figiúirí is deireanaí atá againn gur dúshlán an dífhostaíocht i gcónaí.

Tá cnuasaigh ghnó bunaithe i bhFine Gall i réimsí na teicneolaíochta, na heolaíochta beatha, na heitlíochta agus an agráibhia. I ré seo na hinfeistíochta coigríche soghluaiste, is é an dúshlán a bheidh ann ná a chinntiú go mbeidh ar chumas Fhine Gall a bheith ina cheantar infheistíochta idirnáisiúnta agus go leanfar den iomaíocht chuige sin. Cuimhneofar ar na himpleachtaí a bheidh ann don iomaíocht agus gníomhartha á gcur i gcrích de réir an phlean seo.



**Cúrsaí Sóisialta** – Tá daoine as cúlraí eitneacha éagsúla ina gcónaí i bhFine Gall; ceanglaíonn beagnach 22% den daonra áitiúil iad féin le grúpa eitneach seachas daoine geala agus Éireannaigh. Tá pobal óg againn a bhfuil oideachas orthu agus atá ag fás, rud a chiallaíonn go mairfidh an éagsúlacht agus an bhríomhaireacht sa Chontae. Bunchuspóir de chuid na Comhairle seo timpeallacht a chruthú trínar féidir cur le fostaíocht i bhFine Gall agus cuidiú le daoine socrú sa cheantar.

**Cúrsaí Teicneolaíochta** - is ionann fáilte a chur roimh fhorbairtí nua teicneolaíochta agus tuilleadh seirbhísí ar líne agus Sonraí Oscailte a chur ar fáil. Tá Comhairle Contae Fhine Gall réitithe lena aghaidh sin agus iad ag iarraidh leas níos fearr a bhaint as bealaí cumarsáide eile, ar nós na meán sóisialta, d'fhonn muintir an cheantair a choinneáil ar an eolas agus ligean dóibh teacht a bheith acu ar sheirbhísí chomh héifeachtach agus is féidir.

**Cúrsaí Timpeallachta** – Ceann de mhórfhreachtaí na Comhairle an timpeallacht a bhainistiú agus a rialú, spriocanna a bhaint amach maidir le hastúcháin agus le hacmhainní a úsáid agus a chosaint, caighdeán an uisce agus an aeir, truailliú ó thorann etc.

**Cúrsaí Airgeadais** – Cé go bhfuil geilleagar na tíre ag téarnamh agus feabhas tagtha ar staid airgeadais an rialtais, tá laicisí airgeadais i gcónaí ar an eagraíocht maidir le cúrsaí buiséid agus acmhainn airgeadais.

**Cúrsaí Dlí** – tá timpeallacht chasta dlí anois ann de bharr rialacháin AE agus caithfear déanamh dá réir i réimsí na timpeallachta, an rialachais, na sláinte agus na sábháilteachta. Tá dúshlán ag baint le struchtúr athchóirithe an chórais Rialtais Áitiúil i dtaobh chumas na heagraíochta freagairt, faire agus feidhmiú

### **Timpeallacht Inmheánach**

D'fhonn déanamh de réir na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean seo ní mór an cumas, na struchtúir agus na hacmhainní a bheith ag an eagraíocht. D'fhonn cuspóirí a bhaint amach, is gá go mbeadh dóthain ball foirne agus acmhainní airgeadais ann, agus is gá a mbainfear amach a chur i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos. Is iad na tosca inmheánacha seo a leanas is mó a imreoidh tionchar ar chúrsaí -

**Clár Athchóirithe** – Tá dúshlán ag baint i gcónaí leis an gclár athchóirithe a leagadh síos in Tús Áite do na Daoine maidir le forbairt eacnamaíochta, fiontraíochta, agus pobail a bhaint amach, athruithe rialachais a chur i gcrích, tuilleadh Comhairleoirí a chur ar fáil, déileáil le haistriú Seirbhísí Uisce. Tá na dúshlán seo agus acmhainn na heagraíochta iad a bhaint amach fós á bhforbairt.

**Pleanáil don Fhórsa Oibre** - Ní beag an tionchar atá ag éilimh nua, an méid a mbíonn an pobal ag súil leis, agus leasuithe, ar an bhfórsa oibre, fórsa atá ag dul i laghad. Tá an líon ball foirne seasmhach le déanaí ó baineadh an moratóir agus ó eisíodh cead tarmiligthe maidir le hearcaíocht ar ghráid áirithe. Beidh sé fíorthábhachtach cur chuige díograiseach i leith Pleanála don Fhórsa Oibre a ghlacadh chomh maith le struchtúr éifeachtach eagraíochta a bheith i bhfeidhm a chinntíonn go ndéantar athbhreithniú agus measúnú go leanúnach ar líon na mball foirne.



**Tacaíocht agus Forbairt Foirne** - Aithnítear dílseacht, tiomantas agus solúbthacht na foirne le blianta beaga, blianta a bhí an-chrua. De réir mar a fheabhsóidh an timpeallacht inmheánach, beidh sé fíorthábhachtach tacaíocht a thabhairt don fhoireann, forbairt a dhéanamh orthu agus cur ar a gcumas cuspóirí a bhaint amach.

Má tá rath le bheith ar an eagraíocht amach anseo, is gá go n-éireodh leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha agus le forbairt na creatlaí inniúlachtaí, mar aon le tionscnaimh a dhíríonn ar fholláine na mball foirne.

**Éifeachtúlacht, Éifeachtacht agus Bealaí Nua Oibre** – Cé go bhfuil go leor bainte amach maidir le héifeachtúlacht a fheabhsú, tá deiseanna fós ann seirbhísí comhroinnte, teicneolaíochtaí digiteacha, cleachtas oibre agus feabhsuithe struchtúrtha a fhorbairt, mar aon leis an mbealach ina gcuirimid seirbhísí ar fáil do chustaiméirí a athbhreithniú d'fhonn is go mbláthóidh an eagraíocht.

**Feidhmíocht a Thomas agus a Thuairisciú** - Tá socrúithe rialachais níos fearr anois ann agus béim níos mó ar fheidhmíocht ó tugadh an cháin mhaoine áitiúil isteach, rud a chiallaíonn go mbíonn an pobal ag súil go bhfaighidh siad luach ar airgead ó thaobh seirbhísí de. Fágann Tuairisc mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh, Táscairí na Seirbhísí Náisiúnta agus na socrúithe Tuairiscithe Buiséid agus Bhliantúil, go bhfuil deis ann tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Leanfar ag forbairt an Chreata Tomhas agus Tuairisciú Feidhmíochta ag leibhéal na heagraíochta i gcomhar leis an NOAC.

## Ráiteas Misin Chomhairle Contae Fhine Gall

"Bheith ar an áit a roghnaíonn daoine le maireachtáil, le hoibriú, le teacht ar cuairt agus le gnó a dhéanamh ann in Éirinn".

## Crofluachanna

Is iad na crofluachanna seo a leanas a threoróidh gníomhaíochtaí uile na Comhairle ó thaobh cultúr na heagraíochta a mhúnlú, cuspóirí a leagan síos agus seirbhísí a chur ar fáil:

- Ceannaireacht Dhaonlathach agus Shibhialta
- Ardchaighdeán maidir le macántacht, trédhearcacht agus freagracht
- Caidreamh a chothú le pobail, saoránaigh agus custaiméirí
- Seirbhísí inrochtana ar ardchaighdeán agus luach ar airgead
- Cur chuige Gníomhach, Freagrúil, Nuálach agus Inmharthana
- Tiomantas agus scileanna ár bhfostaithe

## Cuspóirí Corparáideacha

Beidh cuspóirí corparáideacha áirithe ina dtreoir chun a bhfuil sa ráiteas misean a chur i gcrích. Baineann na cuspóirí seo le seirbhísí agus le gníomhaíochtaí Ranna uile na Comhairle.

- CO.1 Daonlathas, dea-rialachas, oscailteacht agus trédhearcacht a neartú agus tacú leo ar bhonn áitiúil.
- CO.2 Timpeallacht a chruthú ina dtugtar tacaíocht d'fhorbairt agus d'fhás inmharthana gheilleagar Fhine Gall.
- CO.3 Dul i ngleic le riachtanais an chontae i ndáil le bonneagar agus tithe a chur ar fáil, agus deireadh a chur le bochtaineacht.
- CO.4 Caighdeán saoil i bpobail a fhorbairt, a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt chuige sin i dtreo is go mairfidh siad agus nach bhfágfar ar an trá fholamh iad.
- CO.5 Na timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha a urramú, a chosaint agus a fheabhsú.
- CO.6 Dóchúlacht agus margaíocht na turasóireachta i bhFine Gall a neartú.
- CO.7 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí na Comhairle agus feasacht ina dtaobh a chur chun cinn trí chumarsáid éifeachtach, comhairliúchán agus cothú caidrimh.
- CO.8 Seirbhísí maithe, éifeachtacha a chur ar fáil, áit a bhfaighidh an custaiméir luach ar airgead. An cur chuige atá againn i leith seirbhísí a sholáthar a fheabhsú i gcaitheamh an ama.
- CO.9 Acmhainn na heagraíochta a fhorbairt trí fhorbairt eagraíochtúil agus foirne agus trí Shábháilteacht, Sláinte agus Leas na bhfostaithe a chur chun cinn.

### Straitéisí Tacaíochta:

Tá na Straitéisí Tacaíochta thíos ann i dtreo is go mbainfear amach na Cuspóirí Corparáideacha thuasluaite. Beidh na straitéisí seo mar chreat agus taobh istigh den chreat sin, leagfar amach príomhchuspóirí seirbhíse na bPleananna Seachadta Seirbhísí Bliantúla agus tosaíochtaí na Stiúrthóirí feidhme.

Tá na Straitéisí leagtha amach faoin bPríomh-Ghníomhaíocht agus cuirtear in iúl cén Cuspóir Corparáideach lena mbaineann gach ceann acu.

<b>Forbairt Eacnamaíochta</b> Bonn tacaíocht a chur faoi fhorbairt eacnamaíochta struchtúrtha, inmharthana Fhine Gall trí thionscadaíl a chuireann le forbairt eacnamaíochta agus pobail Fhine Gall a bheartú, a thionscnamh agus a bhainistiú.	<b>Cuspóir Corparáideach</b>
<b>ED 1</b> Tacú le forbairt an gheilleagair áitiúil trí Fhine Gall a chur chun cinn mar áit ar fiú infheistiú inti agus trí thionscnaimh bheartais earnála a chur i bhfeidhm.	CO 2 CO 6
<b>ED 2</b> Obair an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) agus an Choiste Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta (SPC) a éascú.	CO 1 CO 4 CO 1
<b>ED 3</b> Déanamh de réir na mbeart atá leagtha amach i bPlean Pobail Áitiúil agus Eacnamaíochta Fhine Gall agus tacú le beartais eacnamaíochta, fiontraíochta agus turasóireachta ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.	CO 2 CO 4 CO 4
<b>ED 4</b> Clár forbartha pobail áitiúil a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear Clár Cuimsithe Sóisialta Pobail agus Gníomhachtaithe (SICAP) an rialtais agus Leader.	CO 2
<b>ED 5</b> Forbairt fiontraíochta áitiúil a chothú trí chomhairle gnó, eolas agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil in Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall, agus an Plean Bliantúil Fiontair a chur i bhfeidhm.	CO 4
<b>ED 6</b> Straitéis turasóireachta Fhine Gall, 2015-2018, a chur i bhfeidhm agus tabhairt faoi ghníomhartha eile chun turasóireacht a chur chun cinn sa chontae.	CO 2 CO 3
<b>ED 7</b> Maoin a fháil agus a dhiúscairt agus a chinntiú go n-úsáidtear portfóilió maoin, stráicí talún agus ionaid fiontair na Comhairle d'fhonn a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint astu ar bhonn sóisialta agus eacnamaíochta.	

<b>Bonneagar Pleanála agus Straitéise</b> Plean meántéarmach agus fadtéarmach a leagan amach d'fhorbairt an chontae, forbairt laethúil an chontae a bhainistiú, a chur i bhfeidhm agus a smachtú.	<b>Cuspóir Corparáideach</b>
<b>PL 1.</b> Athbhreithniú Phlean Forbartha do Chontae Fhine Gall a chríochnú agus straitéis agus cuspóirí a leagan amach maidir le forbairt inmharthana an chontae.	CO 1 CO 2 CO 3 CO 4 CO 5

<b>PL 2.</b>	Clár a fhorbairt a thacaíonn le tuilleadh tithe a chur ar fáil chun éileamh an phobail a shásamh mar atá leagtha amach sa Straitéis Tógála d'Earnáil Athnuaite, 2002.	CO 6 CO 3
<b>PL 3.</b>	Comhoibriú le geallsealbhóirí agus soláthraithe reachtúla eile maidir leis an mbonneagar is gá chun forbairt eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach a fhorbairt.	CO 2 CO 3
<b>PL 4.</b>	Cuidiú le córas iompair inmharthana do chách a bhaint amach.	CO 2 CO 3 CO 4 CO 5
<b>PL 5.</b>	Seirbhís éifeachtach, éifeachtúlach bainistíochta forbartha agus seirbhís forfheidhme a chur ar fáil don phobal.	CO 5 CO 8

<b>Seirbhísí Tithíochta</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Seirbhísí Tithíochta, Lóistín agus Bainistithe Eastát a chur ar fáil do thionóntaí comhairle, dóibhsean atá i ngátar tí agus sealbhóirí tí príobháideacha.		
<b>HS 1.</b>	Straitéis Tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm i bhFine Gall	CO 3
<b>HS 2.</b>	Dul i ngleic le heaspa dídine sa chontae	CO 3
<b>HS 3.</b>	Plean Forbartha Contae 2017-2023 a thacaíonn le Straitéis Tithíochta Fhine Gall a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.	CO 3
<b>HS 4.</b>	Áitíocht na dtithe sóisialta a uasmhéadú.	
<b>HS 5.</b>	An clár soláthar tithíochta sóisialta a chur i gcrích de réir Straitéis Tithíochta Fhine Gall.	CO 8 CO 3
<b>HS 6.</b>	An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a bheartú, a riaradh agus a bhainistiú	CO 8
<b>HS 7.</b>	Gníomhartha an Chláir um Lóistín don Lucht Siúil 2014 - 2018 a chur i bhfeidhm	CO 3 CO 8

<b>Seirbhísí Pobail</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Seirbhísí Leabharlainne, Pobail agus cultúir		
<b>CS 1.</b>	Plean Straitéiseach Forbartha Pobail Fhine Gall 2010 - 2015 a athbhreithniú	CO 3
<b>CS 2.</b>	Líonra láidir a fhorbairt maidir le Rannpháirtíocht an Phobail agus Plean Folláine a chur i bhfeidhm do shaoránaigh Fhine Gall.	CO 4 CO 7 CO 4
<b>CS 3.</b>	Plean na nEalaíon 2013 - 2017 a chur i bhfeidhm.	CO 4
<b>CS 4.</b>	An clár "Deiseanna do Chách - straitéis le haghaidh Leabharlanna Poiblí 2013 - 2017", a chur i bhfeidhm.	CO 4
<b>CS 5.</b>	An Straitéis Spóirt - Ag Tacú le hlmeachtaí Spóirt i bhFine Gall, 2011 - -2016, a chur i bhfeidhm.	CO 4
<b>CS 6.</b>	Na gníomhartha atá luaite faoi Thionscnamh Straitéise Fhine Gall maidir le Bá Aoise, 2012-2017 a chur i bhfeidhm.	CO 4
<b>CS 7.</b>	Tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do dhaoine, do phobail	

nua agus do phobail sheanbhunaithe le gur féidir leo seirbhísí a fháil, bheith páirteach sna pobail agus cur lena bpobail.	
--	--

<b>Seirbhísí Timpeallachta agus Uisce</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Beartais inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an timpeallacht a chosaint agus soláthar is dáileadh uisce inólta a chosaint, agus uisce dramhaíola a chóireáil agus a dhiúscairt.		
<b>ENW 1.</b>	Córas beartas oiriúnaithe a fhorbairt de réir an Chreata Oiriúnaithe Náisiúnta i dtaca le hAthrú Aeráide agus Straitéis Bhaile Átha Cliath d'Athrú Aeráide	CO 5 CO 5
<b>ENW 2.</b>	Timpeallacht nádúrtha Fhine Gall a chosaint agus cur léi trí oideachas maith, feasacht, monatóireacht agus cur i bhfeidhm reachtaíochta agus beartas go náisiúnta agus go háitiúil.	CO 8
<b>ENW 3.</b>	3% fuinnimh a ghiniúint/shábháil gach bliain agus mórspríoc 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.	CO 5
<b>ENW 4.</b>	Feidhmiú mar ghníomhairí d'Uisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal na Seirbhíse, a glacadh an 1 Eanáir 2014.	CO 8 CO 5
<b>ENW 5.</b>	Plean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre, 2015-2021 agus Plean Bainistíochta Abhantraí 2015-2021.	

<b>Seirbhísí Oibríochta -</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Cothabháil ghinearálta ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, páirceanna agus spásanna oscailte poiblí mar aon le tírdreachú, cothabháil crann, bailiú bruscair, aire a thabhairt do thránna, do chuanta, agus d'áiseanna poiblí.		
<b>OP 1.</b>	Rochtaineacht a fheabhsú do shaoránaigh	CO 4
<b>OP 2.</b>	Bonneagar iompair shábháilte a chur ar fáil	CO 3 CO 8
<b>OP 3.</b>	Bunseirbhísí oibríochta a chur ar fáil chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.	CO 8
<b>OP 4.</b>	Baill foirne a oiliúint agus a chur ar fáil chun éilimh na saoránach sna ceantair oibríochta ar fad a shásamh.	CO 9
<b>OP 5.</b>	Tránna an cheantair a choinneáil glan agus saor ó thruailliú	CO 5 CO 8
<b>OP 6.</b>	Ceithre chuan Fhine Gall a bhainistiú agus a chothabháil ar chaighdeán inghlactha.	CO 8

<b>Gnóthaí Corparáideacha</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh feidhmeanna daonlathacha; tacaíocht chorparáideach a thabhairt don eagraíocht agus pleanáil straitéiseach a leagan amach don eagraíocht		
<b>CA 1.</b>	Tacú leis na Baill Thofa beartais a cheapadh agus maoirseacht is ionadaíocht a dhéanamh	CO 1
<b>CA 2.</b>	Bainistíocht láidir a dhéanamh ó thaobh gnó feidhmiúcháin, rioscaí a bhainistiú; struchtúir agus córais soláthair, iniúchta agus corparáideacha.	CO 1
<b>CA 3.</b>	Feidhmíocht na heagraíochta a thomhas agus tuairisciú a dhéanamh air.	CO 1 CO 7 CO 8

<b>CA 4.</b>	Seirbhís sheasmhach ar ardchaighdeán a chur ar fáil maidir le custaiméirí agus gearáin san eagraíocht trí chéile.	CO 7
<b>CA 5.</b>	Straitéisí agus bealaí a fhorbairt lena n-úsáidtear teanga mhealltach chun an Contae agus obair na Comhairle a chur chun cinn, a fhágann gur féidir cumarsáid, comhairliúchán agus caidreamh is éifeachtach a dhéanamh le daoine agus le heagraíochtaí.	CO 7 CO 8
<b>CA 6.</b>	Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Fhine Gall, 2015 - 2018, a chur i bhfeidhm	CO 1
<b>CA 7.</b>	Eolas a chur ar fáil sa chaoi is go mbeidh teacht éasca air agus a chinntiú go mbeidh oscailteacht taobh istigh den eagraíocht	CO 8 CO 9
<b>CA 8.</b>	Oibleagáidí na heagraíochta, de réir Dhualgais na hEarnála Poiblí, a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm	

<b>Seirbhísí Eolais, Cumarsáide agus Digiteacha</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Seirbhísí eolais faisnéise agus seirbhísí digiteacha a chur ar fáil don eagraíocht		
<b>IT 1.</b>	Straitéisí ICT agus Dhigiteach a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm don eagraíocht	CO 8
<b>IT 2.</b>	Barr feabhais a chur ar bhonneagar, ar chórais agus ar sheirbhísí chun Saoránaigh, Baill Foirne agus Comhairleoirí a chumasú le teicneolaíochtaí a úsáid.	CO 8 CO 8
<b>IT 3.</b>	Bheith nuálach agus ceannródaíoch maidir le tionscadail a thacaíonn le hanailís, dearadh agus úsáid as próisis nuálacha ghnó	CO 8
<b>IT 4.</b>	Teicneolaíocht ICT mar an tInlín, an t-idirlín, GIS, anailís ar shonraí, feidhmíocht agus córais bhainistíochta eolais a úsáid agus a mhéadú chun feidhmíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú	CO 8
<b>IT 5.</b>	Féachaint le seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus tacú le teicnící bainistíochta tionscadal san eagraíocht trí chéile	

<b>Bainistíocht Acmhainní Daonna</b>		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
Seirbhísí Bainistíochta Acmhainní Daonna a chur ar fáil don eagraíocht		
<b>HR 1.</b>	Féachaint le timpeallacht a chur chun cinn inar féidir le baill foirne barr a gcumais a bhaint amach agus cur le hobair na Comhairle	CO 9 CO 9
<b>HR 2.</b>	Tacú le baill foirne agus le forbairt eagraíochta tríd an gCóras Forbartha um Bainistíocht Feidhmíochta, Creatáí Cumais agus cláir forbartha a chur i bhfeidhm.	CO 9
<b>HR 3.</b>	An leas is fearr agus is féidir a bhaint as an bhfoireann agus a oiread deiseanna a thabhairt dóibh agus is féidir trí Phleanáil don Fhórsa Oibre agus cláir chomharbachta is cláir shoghluaiseachta a thabhairt isteach	CO 9
<b>HR 4.</b>	Caidreamh agus cumarsáid leis an bhfoireann a fheabhsú tríd an PMDS, bainistíocht líne agus trí bhealaí inmheánacha cumarsáide a fheabhsú	CO 9 CO 9

<b>HR 5.</b>	Folláine na mball foirne a chur chun cinn trí chláir a thabhairt isteach a bhaineann le dea-shláinte, éagsúlacht agus comhionannas ag an obair	
<b>HR 6.</b>	Dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le gach gné de chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta	

<b>Seirbhísí Airgeadais</b> Comhairle agus seirbhísí a chur ar fáil don eagraíocht i réimse na Bainistíochta Airgeadais		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
<b>F 1.</b>	Feidhmiú Chláir Chaipitil na Comhairle a bhrú chun cinn ach maoiniú a bheith ar fáil chuige sin	CO 3
<b>F 2.</b>	Riachtanais airgeadais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na Comhairle a oibriú amach	CO 9 CO 9
<b>F 3.</b>	A oiread úsáide a bhaint as acmhainní agus is féidir agus luach ar airgead a fháil	

<b>Seirbhísí Ailtireachta</b> Comhairle agus seirbhísí ailtireachta a chur ar fáil don eagraíocht		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
<b>AR 1.</b>	Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach rannóg sa Chomhairle maidir le dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach, soláthar foirgneamh agus suirbhéireacht chainníochta.	CO 8  CO 4
<b>AR 2.</b>	Máistirphlean Ailtireachta a ullmhú maidir le Caisleán Shoird ina moltar obair agus bearta a athbheofaídh Caisleán Shoird agus an talamh timpeall air.	CO 5 CO 6


<b>Seirbhísí Dlí</b> Comhairle agus seirbhísí dlí a chur ar fáil don eagraíocht		<b>Cuspóir Corparáideach</b>
<b>L 1.</b>	Seirbhís chuimsitheach dlí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do Rannóga uile na Comhairle maidir leis na feidhmeanna reachtúla éagsúla a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach.	CO 8



## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach an creat faoina bhfuil sé i gceist seirbhísí a chur ar fáil gach bliain agus atá cumhdaithe ag an bPlean.

Leagfar amach Pleananna Seachadta Seirbhísí Bliantúla de réir an Bhuiséid Bhliantúil agus príomhchuspóirí agus tosaíochtaí seirbhíse atá i gceist ag an gComhairle a thabhairt ar láimh gach bliain. Forbróidh Stiúrtóireachtaí Aonair na cuspóirí seirbhíse faoi threoir na Straitéise Tacaíochta atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach. Nuair a ghlacfar leo, beidh na cuspóirí agus na tosaíochtaí seirbhíse mar bhunús leis an PMDS i ngach Rannóg. Sa tslí sin, féadfar nasc a dhéanamh idir gníomhartha daoine aonair san fhoireann ina gcuid oibre ó lá go lá agus cuspóirí corparáideacha agus misean corparáideach na Comhairle á gcur i gcrích. Tá an struchtúr gnó seo leagtha amach thíos -



Ráiteas Misin



Cuspóirí Corparáideacha



Straitéisí Tacaíochta

Príomhchuspóirí agus  
Tosaíochtaí Seirbhíse



Foireann Oibríochta agus  
Gníomhartha Fostaithe Aonair  
(PMDS)



Mar gheall ar phleanáil bhliantúil sheachadadh na seirbhísí agus mar gheall ar phróisis bhuiséid, beidh nasc idir cuspóirí an Phlean Chorporáidigh agus an bhainistíocht riosca, measúnú feidhmíochta agus creat táscaire seirbhíse a rinne an Coimisiún Náisiúnta um Maoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) a fhorbairt ag leibhéal na heagraíochta agus go náisiúnta. Déanfar an méid sin a thuairisciú chuig an gComhairle, an Coiste Iniúchta agus an NOAC, de réir mar is cuí.

Déanfaidh na Baill athbhreithniú ar an Tuairisc Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh mar chuid den phróiseas bliantúil buiséid agus cuirfear tuairiscí lár bliana agus deireadh bliana i láthair sna Pleananna Seachadta Seirbhísí Bliantúla. Cuirfear nuashonraithe ar nithe faoi leith ar fáil gach mí i dTuairisc Bainistíochta na bPríomhfheidhmeannach.

Déanfaidh an Coimisiún Náisiúnta um Maoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) monatóireacht ar fheabhas an Phlean Chorporáidigh agus déanfaidh an Grúpa um Beartais Corparáideacha athbhreithniú ar aon mholtaí a dhéanfaidh an NOAC. Ach a ndéanfar athbhreithniú air, foilseofar an Plean Corparáideach seo ar láithreán gréasáin na Comhairle agus scaipfear cóipeanna crua ar an bpobal de réir mar is gá.

## **Aguisín 1- Coistí na Comhairle**

### **An Chomhairle Contae**

Is í an Chomhairle Contae a dhéanann cinntí maidir le beartais agus tagann na baill le chéile uair sa mhí. Lena chois sin, tagann siad le chéile don Chruinniú Ginearálta Bliantúil agus an uair a ghlactar leis an mBuiséad Bliantúil. 40 ball atá ar an gComhairle, a thoghtar gach cúig bliana. Chuaigh an Chomhairle reatha i mbun a cuid cúraimí i Meitheamh 2014 agus beidh sí ann go dtí Meitheamh na bliana 2019.

Toghtar Méara ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i mí an Mheithimh.

### **Coistí Ceantair:**

Is na Coistí Ceantair a phléann le gnóthaí áitiúla. Tá trí Choiste Ceantair ann -

- Coiste Ceantair Chaisleán Cnucha/Mhullach Eadrad - 15 Ball
- Coiste Ceantair Bhaile Brigín/Shoird - 17 mBall
- Coiste Ceantair Bhinn Éadair/Mullach Íde - 8 mBall

Toghtar Cathaoirleach Ceantair gach bliain.

### **An Grúpa um Beartais Chorporáideacha**

Comhairlíonn agus cabhraíonn an Grúpa um Beartais Chorporáideacha (CPG) leis an gComhairle beartais a mhúnlú agus a fhorbairt, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Is iad atá sa Ghrúpa sin, an Méara, an Cathaoirleach, agus Cathaoirligh na sé Choiste um Beartais Straitéiseacha.


### **Na Coistí um Beartais Straitéiseacha**

Múnlaíonn agus forbraíonn na Coistí um Bheartais Straitéiseacha beartais a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle agus déanann siad monatóireacht agus athbhreithniú orthu. Baill thofa agus duine ainmnithe as comhlachtaí leasmhara earnála atá ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus aird ar leith acu ar an gceantar lena mbaineann siad. Toghtar Cathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha ar feadh cúig bliana, téarma iomlán na Comhairle.


SPC	Baltrácht iomlán	Comhairteoirí	Baill nach Comhairteoirí iad
Iompar	9	6	3
Tithíocht	15	10	5
Ealaín, Cultúr, Oidhreachta agus Pobal	9	6	3
Bonneagar Pleanála agus Straitéise	12	8	4
Seirbhísí Uisce agus Timpeallachta	9	6	3
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar	15	10	5

## Aguisín 2- Struchtúr na hEagraíochta

### Struchtúr Rialachais na Comhairle Contae



## Struchtúr Feidhmiúcháin na hEagraíochta



### **Aguisín 3 - Cáipéisí Straitéise agus Beartais a bhaineann le Comhairle Contae Fhine Gall Náisiúnta/AE**

- Cur i gcrích agus cur chun cinn ról Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an bpáirt atá aici i mbeartais ábhartha náisiúnta agus i gcomhaontuithe páirtnéireachta náisiúin atá ann agus a bheidh ann.
- Plean Forbartha Náisiúnta don tréimhse suas go 2016
- Clár Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil agus straitéisí gaolmhara
- Ráiteas Straitéise an DECLG 2011 – 2014 agus Ráitis Straitéise ina dhiaidh
- An Straitéis Spáis Náisiúnta
- An Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
- Tógáil 2020 – Straitéis don Earnáil Athnuaite Tógála
- Ráiteas Beartas ar Easpa Dídine, 2013
- Clár Lóistín don Lucht Siúil, 2014 - 2018
- Pobail a Choinneáil Slán - Creat na Seirbhísí Dóiteáin
- Creat Glactha Náisiúnta Athrú Aeráide
- An Straitéis Náisiúnta Míchumais
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016
- Straitéis Tithíochta Sóisialta
- Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Tús Áite do na Daoine
- Plean Cur i bhFeidhm maidir le Freagra an Stáit ar Easpa Dídine
- "Deiseanna do Chách" - Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013 - 2017
- Straitéis Eacnamaíochta Meántearma 2014-2020, Plean Gnímh do Phoist, Tógáil 2020
- Todhchaí Inmharthana - Creat d'Fhorbairt Inmharthana in Éirinn
- Plean Gnímh Náisiúnta na hÉireann maidir le Páirtnéireacht Oscailte Rialtais, 2014-2016
- Creat Beartas Náisiúnta do Leanaí 2014-2020
- Fómhar Bia 2020
- *Making it Happen* – Fiontar Fáis in Éirinn
- *Delivering our Green Potential* – Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fás agus Fhostaíocht sa Gheilleagar Glas
- Fiontar Glas a Fhorbairt
- Cathracha na Tíre: Tiománaithe na hIomaíochta Náisiúnta
- Spreacadh a Chur i nGeilleagar Tuaithe na hÉireann – An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíochta na gCeantar Tuaithe (CEDRA)
- Straitéis Earnála Rialtais Áitiúil chun Fostaíocht a Chur Chun Cinn agus Tacú le Fiontar Áitiúil – "*Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally*"
- Ag Tacú le Fiontar, Forbairt Áitiúil agus Fás Eacnamaíochta
- Straitéis Bá Aoise Chontae Fhine Gall 2012-2017 + (Straitéis Athbhreithnithe)
- Treoirleabhar Cathracha na hEagraíochta Domhanda Sláinte
- Straitéis Náisiúnta maidir le Meon Dearfach Aoise
- Baile Átha Cliath fógartha ina Cathair agus Pobal a bhfuil Bá aici le Daoine Aosta - in 2013
- Straiteis 20 bliain don Ghaeilge 2010 - 2030

### **Réigiúnach**

- Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí agus Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta, dea-chleachtas na n-údarás áitiúil eile

- Tuairisc na dTáscairí Réigiúnacha - Creat monatóireachta chun Treoiríníte Pleanála Réigiúnaí a Chur i bhFeidhm
- Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- Plean Bainistíochta Abhantraí
- Pleananna Straitéise Comhlachtaí Réigiúnacha eile, mar shampla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána
- Páirtnéireacht Nuálachta Eorpach an EIP maidir le Daoine Aosta a bheith Gníomhach agus Sláintiúil - Plean Gnímh

### **Áitiúil**

- Plean Forbartha Chontae Fhine Gall 2011-2017
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Plean Oidhreachta Fhine Gall
- Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil
- Plean Folláine PPN Fhine Gall
- Straitéis Fóillíochta Fhine Gall
- Straitéis Bithéagsúlachta
- Straitéis Crann
- Dáta an Phlean Ealaíon 2013 - 2017
- Straitéis Spóirt - Ag tacú le himeachtaí Spóirt i bhFine Gall 2011 - 2016
- Straitéis Tithíochta
- Plean Straitéiseach Forbartha Pobail Fhine Gall 2010 - 2015
- Plean Fhine Gall um Míchumas 2008 - 2010
- Plean Gnímh Baile na Scéirí maidir le Bá Aoise
- Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Fhine Gall 2015 - 18

### **Aguisín 4 - Comhairlithe**

#### **Inmheánach:**

- Comhairleoirí Contae Fhine Gall
- An Grúpa um Beartais Chorporáideacha
- Na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus coistí gaolmhara de chuid na Comhairle
- Foireann na Comhairle

#### **Seachtrach:**

- PPN Fhine Gall agus Grúpaí gaolmhara
- Fógartha ar Láithreán Gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall agus ar an Tairseach Comhairliúcháin Phoiblí



**Aguisín 5 – Baill Thofa Chomhairle Contae Fhine Gall**  
**TOGHCHEANTAR BHAILE BRIGÍN**



Brian Dennehy,  
Fianna Fáil



Ken Farrell,  
An Lucht Oibre



Gráinne Maguire,  
Neamhspleách



Barry Martin,  
Daoine Roimh Bhrabús




Tony Murphy,  
Neamhspleách



David O'Connor,  
Neamhspleách



Malachy Quinn,  
Sinn Féin



Folúntas,  
Fine Gael.

**TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA**



Howard Mahony  
Fianna Fáil  
Chomhaontas  
Glas



Sandra Kavanagh,  
Frithdhéine



Ted Leddy,  
Fine Gael



Eithne Loftus,  
Fine Gael



Mags Murray,  
Fianna Fáil



Roderic O'Gorman,  
Comhghuailíocht



Natalie Treacy,  
Sinn Féin

**TOGHCHEANTAR BHINN ÉADAIR MHULLACH ÍDE**



Jimmy Guerin,  
Neamhspleách



David Healy,  
Comhaontas Glas



Anthony Lavin,  
Fine Gael



Brian McDonagh,  
Páirtí an Lucht Oibre



Daire Ní Laoi,  
Sinn Féin



Eoghan O'Brien,  
Fianna Fáil



Cian O'Callaghan,  
Na Daonlathaigh



Keith Redmond,  
Shóisialacha Renua

## TOGHCEANTAR MHULLACH EADRAD



Kieran Dennison,  
Fine Gael



Paul Donnelly,  
Sinn Féin



Tania Doyle,  
Frithdhéine  
na Neamhspleách



Edmund Lukusa,  
Sinn Féin



Mary McCamley,  
Páirtí an Lucht Oibre



David McGuinness,  
Comhghuaillíocht



Lorna Nolan,  
Neamhspleách  
na Frithdhéine



Matthew Waine  
Comhghuaillíocht

## TOGHCEANTAR SHOIRD



Darragh Butler,  
Fianna Fáil



Eugene Coppinger,  
Frithdhéine  
na Neamhspleách



Anne Devitt,  
Neamhspleách



Adrian Henchy,  
Fianna Fáil



Philip Lynam,  
Sinn Féin



Paul Mulville,  
Neamhspleách



Joe Newman,  
Comhghuaillíocht



Justin Sinnott,  
Neamhspleách



Duncan Smith,  
Páirtí an Lucht Oibre

**Aguisín 6 – Léarscáil de Teorainneacha na dToghcheantar**

